

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2049 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Samhain 2021

lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí cipirmeitricin mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an larscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 20(1) i gcomhar le hAirteagal 24(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2005/53/CE ón gCoimisiún ⁽²⁾, áiríodh cipirmeitricin mar shubstaint ghníomhach in larscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ⁽³⁾.
- (2) Maidir leis na substaintí gníomhacha a áirítear in larscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den larscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (3) Formheas na substainte gníomhaí cipirmeitricin, mar a leagtar amach i gCuid A den larscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 31 Deireadh Fómhair 2022.
- (4) Cuireadh isteach iarratas ar an bhformheas ar chipirmeitricin a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.
- (5) Chuir na hiarratasóirí isteach na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith comhlánaithe ina iomláine.

⁽¹⁾ IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

⁽²⁾ Treoir 2005/53/CE ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2005 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun clóratailinil, clóratolúróin, cipirmeitricin, daimínisíd agus tíaflanáit-meitil a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 241, 17.9.2005, lch. 51).

⁽³⁾ Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh. (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

- (6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") í agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 8 Bealtaine 2017.
- (7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar na hiarratasóirí agus ar na Ballstáit chomh maith chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Chuir an tÚdarás na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún.
- (8) An 8 Lúnasa 2018 chuir an tÚdarás a chonclúid ⁽⁶⁾ in iúl don Choimisiún i dtaobh an bhféadfaí coinne a bheith aige go gcomhlíonfaidh cipirmeitirín na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Tar éis plé a dhéanamh leis na Ballstáit, thug an Coimisiún sainordú don Údarás scrúdú a dhéanamh ar bhearta breise maolaithe riosca nár áiríodh i gconclúid an Údaráis. Sa ráiteas a rinne sé ar bhearta breise maolaithe riosca maidir le cipirmeitirín agus a foilsíodh an 4 Deireadh Fómhair 2019 ⁽⁷⁾, chuir an tÚdarás i láthair leibhéil an laghdaithe síobtha is gá agus na bearta a mbeadh gá leo chun a léiriú gurbh íseal an riosca do na horgánaigh nach spriocorgánaigh iad, go háirithe orgánaigh uisceacha agus artrapóid nach spriocatrappóid iad, lena n-áirítear beacha. Chuir an Coimisiún dréacht-tuascáil athnuachana maidir le cipirmeitirín faoi bhráid an Bhuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 24-25 Eanáir 2019.
- (9) A mhéid a bhaineann leis na critéir chun airíonna réabtha iontálaigh a aithint, critéir a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún ⁽⁸⁾, ar bhonn na faisnéise eolaíche atá ar fáil a ndearnadh achoimre uirthi i gconclúid an Údaráis, cinneann an Coimisiún nach ceart a mheas go bhfuil airíonna réabtha iontálaigh ag cipirmeitirín.
- (10) D'iarr an Coimisiún ar na hiarratasóirí barúlacha a chur isteach maidir le conclúid an Údaráis agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, barúlacha maidir leis an tuascáil athnuachana. Chuir na hiarratasóirí barúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.
- (11) Is iad leataí sprae faoin aer iad na húsáidí ionadaíocha, ar úsáidí iad a bhfuil na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ina leith comhlíonta ar choinníoll go nglactar bearta maolaithe iomchuí chun an leibhéal cosanta is gá a áirithiú le haghaidh orgánaigh uisceacha agus artrapóid nach spriocatrappóid iad, lena n-áirítear beacha. Dá bhrí sin, maidir le húsáidí ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil cipirmeitirín, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcás ina leagtar amach coinníollacha agus srianta iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (12) Tá an measúnú riosca maidir leis an bhformheas ar chipirmeitirín a athnuachan bunaithe ar líon teoranta úsáidí ionadaíocha, úsáidí ionadaíocha nach gcuireann srian ar na húsáidí lena bhféadfaí táirgí cosanta plandaí ina bhfuil cipirmeitirín a údarú. Dá bhrí sin, is iomchuí gan an srian maidir lena húsáid mar fheithidicíd a choinneáil ar bun.
- (13) Measann an Coimisiún, áfach, gur substaint atá inbhreithnithe lena hionadú í cipirmeitirín de bhun Airteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Ós rud é go bhfuil meascán d'ocht n-ísiméir i gcipirmeitirín, agus go bhfuil cion suntasach ísiméirí neamhghníomhacha inti, comhlíonann sí an coinníoll a leagtar amach in Iarscríbhinn II, pointe 4, an ceathrú fleasc, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (14) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas cipirmeitiríne mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú a athnuachan.

⁽⁶⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2018;16(8):5402. Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí cipirmeitirín. Ar fáil ar líne: www.efsa.europa.eu.

⁽⁷⁾ <https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/5822>.

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 lena leagtar síos critéir eolaíochta chun airíonna réabtha iontálaigh a chinneadh (IO L 101, 20.4.2018, lch. 33).

- (15) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 de agus i bhfianaise an eolais eolaíoch reatha agus an eolais theicniúil reatha, is gá foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha agus srianta áirithe. Is iomchuí, go háirithe, faisnéis bhreise deimhniúcháin a éileamh.
- (16) Chun cur leis an muinín as an gconclúid nach bhfuil airíonna réabtha iontálaigh ag cipirmeittrin, ba cheart do na hiarratasóirí measúnú cothrom le dáta a chur ar fáil, i gcomhréir le hIarscríbhinn II, pointe 2.2(b), a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, de na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn II, pointe 3.6.5 agus pointe 3.8.2, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605 agus i gcomhréir leis an treoraíocht maidir le réabóirí iontálacha a aithint ⁽⁹⁾.
- (17) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir sin.
- (18) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1449 ón gCoimisiún ⁽¹⁰⁾, cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na cipirmeitrine go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substaintí gníomhaí sin in éag. Mar sin féin, ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, beidh feidhm ag an Rialachán seo a luaithe is féidir.
- (19) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas na substaintí gníomhaí a athnuachan

Déantar formheas na substaintí gníomhaí cipirmeittrin a athnuachan mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Feabhra 2022.

⁽⁹⁾ *Guidance for the identification of endocrine disruptors in the context of Regulations (EU) No 528/2012 and (EC) No 1107/2009* [Treoraíocht maidir le réabóirí iontálacha a aithint i gcomhthéacs Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus (CE) Uimh. 1107/2009]. <https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/5311>.

⁽¹⁰⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1449 ón gCoimisiún an 3 Meán Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 2-feinilfeanól (lena n-áirítear a shalainn amhail salann sóidiam), 8-hiodrocsacuineoilín, aimídeasulfúrón, défheanocs, clóirmeacuat, clóratolúrón, clóifeintisín, clómasón, cipirmeittrin, daimínisíd, deiltemheitrin, díceamba, défheanaconasól, défhluifeineacan, démhéiteaclór, eatafeanprocs, feanocsapróp-P, feanpróipidín, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat, foistiasáit, iondocsacarb, leanacail, MCPA, MCPB, niceasulfúrón, olaí pairifín, ola phairifín, peanconasól, pioclóram, própacuiseafop, prósulfacarb, cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafuiril, sulfar, teitreaconasól, trí-alláit, trífhluorsulfúrón agus tríteasulfúrón (IO L 313, 6.9.2021, lch. 20).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht (¹)	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
Cipirmeitrin Uimh. CAS 52315-07-8 Uimh. CIPAC 332	(1RS,3RS;1RS,3SR)-3-(2,2-déchlóraivi-nil)-2,2-démheiticigleapró-páncarbocsaláit (RS)-α-ciana-3-feanocsaibeinsile; nó (RS)-α-ciana-3-feanocsaibeinsil-(1RS)-cis-tras-3-(2,2-déchlóraivi-nil)-2,2-démheiticigleapró-páncarbocsaláit	920 g/kg cis:tras: 40/60 go 60/40 Is ábhar imní ó thaobh na tocsaineolaíochta iad na heisíontais seo a leanas agus níor cheart dóibh dul thar an méid seo a leanas san ábhar teicniúil ann: heacsán: 5 g/kg	1 Feabhra 2022	31 Eanáir 2029	Beidh na húdaruithe teoranta d'úsáideoirí gairmiúla. Agus táirgí cosanta plandaí ina bhfuil cipirmeitrin á n-údarú lena leathadh mar sprae faoin aer, chun a áirithiú go gcosnófar na horgánaigh nach spriocorgánaigh iad, go háirithe na horgánaigh uisceacha agus na hartrapóid nach spriocartrapóid iad, lena n-áirítear beacha: — is gá bearta maolaithe riosca chun laghdú síobtha a bhaint amach, ar bearta iad a bheidh ina gcúis le nochtadh $\leq 5,8$ mg a.s./ha i limistéir nach bhfuil faoi bharr agus, chomh maith leis sin, le haghaidh leataí san Earrach maidir le tiúchain i ndobharlaigh $\leq 0,0038$ µg a.s./L, — ní fhéadfar ach úsáidí nuair nach bhfuil an barr faoi bhláth agus nuair nach bhfuil aon fhiaile faoi bhláth ann a údarú. Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le cipirmeitrin, agus go háirithe Foscríbhinn I agus Foscríbhinn II a ghabhann léi. Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas: — cosaint na n-orgánach uisceach, na n-artrapód nach spriocartrapóid iad, lena n-áirítear beacha; — an measúnú riosca le haghaidh na dtomhaltóirí; — sonraíocht theicniúil na substainte gníomhaí a úsáidtear i dtáirgí cosanta plandaí.

					I gcás ina measfar go mbeidh sé iomchuí, socróidh na Ballstáit ceanglais faireacháin agus údaruithe á ndeontú acu i gcomhréir le hAirteagal 6(i) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, chun an faireachán faoi Threoracha 2000/60/CE ⁽²⁾ agus 2009/128/CE ⁽³⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlánú. Déanfaidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise deimhniúcháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas: 1. próifíl thocsaineolaíoch na meitibilítí lena mbaineann an pháirt 3-feanocsaibensóile; 2. tocsaineacht choibhneasta na n-isiméirí cipirmeitirine aonair, go háirithe an eanantaiméir (1S cis ar); 3. an éifeacht a bhíonn ag próisis cóireála uisce ar chineál na n-iarmhar atá in uisce dromchla agus i screamhuisce, nuair a bhaintear uisce dromchla nó screamhuisce le haghaidh uisce óil; 4. Iarscríbhinn II, pointe 3.6.5 agus pointe 3.8.2, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605. Cuirfidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas isteach: — an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 1 faoin 15 Nollaig 2022; — an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 2 faoin 15 Nollaig 2023; agus — an fhaisnéis a iarrtar dá dtagraítear i bpointe 3 laistigh de 2 bhliain ón dáta a d'fhoilsigh an Coimisiún doiciméad treorach maidir le meastóireacht ar éifeacht próiseas cóireála uisce ar chineál na n-iarmhar atá in uisce dromchla agus i screamhuisce.
--	--	--	--	--	--

					Maidir le hlarscríbhinn II, pointe 3.6.5 agus pointe 3.8.2, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605, cuirfear measúnú cothrom le dáta ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach cheana agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis bhreise chun a dheimhniú nach ann do ghníomhaíocht iontálach ar fáil faoin 15 Nollaig 2023
--	--	--	--	--	--

⁽¹⁾ Leis an tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

⁽²⁾ IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 309, 24.11.2009, lch. 71.

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 103 maidir le cipirmeitrin;

(2) i gCuid E, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

"14	Cipirmeitrin Uimh. CAS 52315-07-8 Uimh. CIPAC 332	(1RS,3RS;1RS,3SR)- 3-(2,2-déchlóraivi- nil)-2,2-démheiltigle- aprópáncarbocsaláit (RS) α-ciana- 3-feanocsaibeinsile nó (RS)-α-ciana- 3-feanocsaibeinsil-(1RS)- cis-tras- 3-(2,2-déchlóraivi- nil)-2,2-démheiltigle- aprópáncarbocsaláit	920 g/kg cis:tras: 40/60 go 60/40 Is ábhar imní ó thaobh na tocsaineolaíochta iad na heisíontaí seo a leanas agus níor cheart dóibh dul thar an méid seo a leanas san ábhar teicniúil ann: heacsán: 5 g/kg	1 Feabhra 2022	31 Eanáir 2029	Beidh na húdairithe teoranta d'úsáideoirí gairmiúla. Agus táirgí cosanta plandaí ina bhfuil cipirmeitrin á n-údarú lena leathadh mar sprae faoin aer, chun a áirithiú go gcosnófar na horgánaigh nach spriocorgánaigh iad, go háirithe na horgánaigh uisceacha agus na hartrapóid nach spriocartrapóid iad, lena n-áirítear beacha: — is gá bearta maolaithe riosca chun laghdú síobtha a bhaint amach, ar bearta iad a bheidh ina gcúis le nochtadh $\leq 5,8$ mg a.s./ha i limistéir nach bhfuil faoi bharr agus, chomh maith leis sin, le haghaidh leataí san Earrach maidir le tiúchain i ndobhar- laigh $\leq 0,0038$ µg a.s./L, — ní fhéadfar ach úsáidí nuair nach bhfuil an barr faoi bhláth agus nuair nach bhfuil aon fhiaile faoi bhláth ann a údarú. Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le cipirmeitrin, agus go háirithe Foscríbhinn I agus Foscríbhinn II a ghabhann léi. Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas: — cosaint na n-orgánach uisceach, na n-artrapód nach spriocartrapóid iad, lena n-áirítear beacha; — an measúnú riosca le haghaidh na dtomhaltóirí; — sonraíocht theicniúil na substainte gníomhaí a úsáidtear i dtáirgí cosanta plandaí.
-----	---	---	--	----------------	----------------	--

					I gcás ina measfar go mbeidh sé iomchuí, socróidh na Ballstáit ceanglais faireacháin agus údaruithe á ndeonú acu i gcomhréir le hAirteagal 6(i) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, chun an faireachán faoi Threoracha 2000/60/CE (*) agus 2009/128/CE (**) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlánú. Déanfaidh an t-iarratasóir faisnéis bhreise deimhniúcháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir leis an méid seo a leanas: 1. próifíl thocsaineolaíoch na meitibilítí lena mbaineann an pháirt 3-feanocsaibensóile; 2. tocsaineacht choibhneasta na n-ísiméirí cipirmeitrine aonair, go háirithe an eanantaiméir (1S cis ar); 3. an éifeacht a bhíonn ag próisis cóireála uisce ar chineál na n-iarmhar atá in uisce dromchla agus i screamhuisce, nuair a bhaintear uisce dromchla nó screamhuisce le haghaidh uisce óil; 4. larscríbhinn II, pointe 3.6.5 agus pointe 3.8.2, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/605. Cuirfidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas isteach: — an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 1 faoin 15 Nollaig 2022; — an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 2 faoin 15 Nollaig 2023; agus — an fhaisnéis a iarrtar dá dtagraítear i bpointe 3 laistigh de 2 bhliain ón dáta a d'fhoilsigh an Coimisiún doiciméad treorach maidir le meastóireacht ar éifeacht próiseas cóireála uisce ar chineál na n-iarmhar atá in uisce dromchla agus i screamhuisce.
--	--	--	--	--	---

